

An Eoraip a bhogadh i dtreo córas iarnróid
inbhuanaithe, sábháilte, gan teorainneacha

Glaó ar larratais le haghaidh post mar Riarthóir (Oifigeach Dlí) in Oifig an Stiúrthóra Feidhmiúcháin (EDO)

Gníomhaire Sealadach 2(f) (AD5) – d’fhonn liosta ionadaithe a bhunú – ERA/AD/2026/002

I - SAINCHUNTAS AR AN bPOST

Tá Riarthóir (Oifigeach Dlí) á lorg ag an nGníomhaireacht **d’Oifig an Stiúrthóra Feidhmiúcháin (EDO)**. Oibreoidh an sealbhóir poist san fhoireann dlí i nGníomhaireacht Iarnróid an Aontais Eorpaigh (‘ERA’), faoi fhreagracht an Cheannaire Foirne, agus an Stiúrthóra Feidhmiúcháin mar oifigeach tuairiscithe aige/aici.

Príomhchúraimí agus príomhfhreagrachtaí:

1. Comhairle a thabhairt maidir le ceistanna lárnacha dlí (mar shampla: Rialacha ERA, gnéithe dlíthiúla de chúrsaí soláthair, cúrsaí airgeadais, cúrsaí foirne, pribhléidí agus díolúintí, cosaint sonraí agus rochtain phoiblí ar dhoiciméid);
2. Comhairle agus cúnamh dlí a chur ar fáil don Stiúrthóra Feidhmiúcháin, don lucht bainistíochta agus don fhoireann maidir le léirmhíniú agus cur chun feidhme chreat dlíthiúil an Aontais agus ERA;
3. Fiosrúcháin dhlíthiúla ó shaoránaigh a láimhseáil, más gá, agus comhairle a sholáthar, más gá, i gcúrsaí réamhdhlíthíochta/dlíthíochta (idirchaidreamh a dhéanamh, ó am go chéile, le dlíodóirí seachtracha);
4. Riosca i saincheist ar leith a shainaithint agus roghanna atá fóna ó thaobh an dlí de a thairiscint don Stiúrthóra Feidhmiúcháin agus d’fhoireann shinsearach eile;
5. Tacaíocht/meantóireacht a chur ar fáil do dhlíodóirí eile na foirne;
6. Cinntí atá fóna ó thaobh an dlí de a dhréachtú le glacadh ag ERA, agus raon de dhoiciméad dlíthiúil eile a dhréachtú nó a fhíorú;
7. Gníomhú mar Oifigeach Cosanta Sonraí na Gníomhaireachta, más fearr iarrthóra é/í.

De bharr íogaireacht an phoist, caithfidh an t-iarrthóir rathúil braistint mhór rúndachta a bheith aige nó aici.

II - CRITÉIR INCHÁILITHEACHTA

Tá an nós imeachta roghnúcháin ar oscailt d'iarrthóirí a chomhlíonann gach ceann de na critéir incháilitheachta seo a leanas tráth an dáta deiridh le haghaidh iarratais a chur isteach:

1. Riachtanais ghinearálta:

- › A bheith ina náisiúnach de Bhallstát den Aontas Eorpach¹ nó a bheith ina náisiúnach den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch (an Íoslainn, Lichtinstéin agus an Iorua);
- › A bheith i dteideal a cheart iomlán/a ceart iomlán mar shaoránach;
- › Aon oibleagáidí arna bhforchur le dlíthe is infheidhme a bhaineann le seirbhís mhíleata a bheith comhlíonta aige nó aici²;
- › Na riachtanais charachtair a chomhlíonadh maidir leis na dualgais atá i gceist³;
- › A bheith corpacmhainneach chun na dualgais a bhaineann leis an bpost a chomhlíonadh⁴;
- › Eolas an-mhaith ar theanga oifigiúil⁵ de chuid an Aontais Eorpaigh agus eolas sásúil ar theanga oifigiúil eile⁶ de chuid an Aontais Eorpaigh a mhéid is gá chun na dualgais a bhaineann leis an bpost a chomhlíonadh;
- › A bheith faoi bhun na haoise ag a gcuirtear baill foirne an Aontais Eorpaigh ar scor go huathoibríoch. Faoi láthair, is é sin an lá deiridh den mhí ina slánóidh an ball foirne 66 bliana d'aois⁷.

2. Cáilíochtaí iosta:

Leibhéal oideachais arb ionann é agus 3 bliana ar a laghad de staidéar ollscoile críochnaithe atá fianaithe le dioplóma a bheith acu.

Ní ghlacfar ach le cáilíochtaí eisithe ag údaráis de chuid Bhallstáit an Aontais nó údaráis LEE (Limistéar Eacnamaíoch Eorpach) agus cáilíochtaí a aithnítear mar chinn choibhéiseacha ag údaráis ábhartha de chuid an Aontais nó de chuid Bhallstáit LEE.

1 Is iad seo a leanas Ballstáit an Aontais Eorpaigh: an Bheilg, an Bhulgáir, an tSeicia, an Danmhairg, an Ghearmáin, an Eastóin, Éire, an Ghréig, an Spáinn, an Fhrainc, an Chróit, an Iodáil, an Chipir, an Fhionlainn, an Laitvia, an Liotuáin, Lucsamburg, an Ungáir, Málta, an Ísiltír, an Ostair, an Pholainn, an Phortaingéil, an Rómáin, an tSlóivéin, an tSlóvaic, an Fhionlainn agus an tSualainn.

2 Más infheidhme

3 Sula gceapfar é nó í, ceanglófar ar an iarrthóir rathúil deimhniú a chur ar fáil ina léireofar nach bhfuil aon taifead coiriúil aige nó aici

4 Sula gceapfar iad, cuirfear an t-iarrthóir a n-éireoidh leo faoi réir scrúdú dochtúra in ionad leighis a ainmneoidh an Ghníomhaireacht lena dheimhniú go gcomhlíonann siad ceanglais Airteagal 13 de Choinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile na gComhphobal Eorpach.

5 Do mháthairtheanga nó teanga oifigiúil eile de chuid an Aontais a bhfuil eolas an-mhaith agat uirthi a chomhfhreagraíonn do leibhéal C1 mar a shainítear é sa Chreat Chomhchoiteann Tagartha Eorpach le haghaidh Teangacha (CCTE) <http://europass.cedefop.europa.eu/en/resources/european-language-levels-cefr>

6 Eolas ar an dara teanga oifigiúil de chuid an Aontais a chomhfhreagraíonn do leibhéal B2 ar a laghad mar a shainítear é sa Chreat Chomhchoiteann Tagartha Eorpach le haghaidh Teangacha (CCTE)

7 Féach Airteagal 52 (a) de Rialacháin Foirne na nOifigeach, rud is infheidhme maidir le Gníomhairí Sealadacha de réir analaí, Airteagal 47 de Choinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile na gComhphobal Eorpach

III - CRITÉIR ROGHNÚCHÁIN

Na hiarrthóirí a chomhlíonann na critéir incháilitheachta a leagtar amach thuas, déanfar iad a mheasúnú agus a scóráil de réir **critéir roghnúcháin**. I gcás iarrthóirí nach gcomhlíonann ceann amháin nó níos mó de na critéir roghnúcháin, ní dhéanfar iad a eisiáimh láithreach as an roghnú.

Na **critéir roghnúcháin** a úsáidtear chun iarratais na n-iarrthóirí a mheasúnú:

- › Céim ollscoile sa dlí;
- › Taithí ghairmiúil 3 bliana ar a laghad a bhaineann le réimsí na bpríomhábhar dlí, féach I 'Príomhchúraimí agus príomhfhreagrachtaí';
- › Eolas cruthaithe ar dhlí an Aontais;
- › Taithí i réimse amháin nó níos mó den dréachtú dlíthiúil;
- › Taithí de mhíonna nó blianta de bheith ag obair go neamhspleách ar shaincheisteanna casta dlí;
- › Taithí 3 bliana ar a laghad ar obair mar oifigeach dlí i seirbhís dlí de chuid institiúid, gníomhaireacht nó comhlacht an Aontais Eorpaigh, nó in eagraíocht idirnáisiúnta, nó i gcomhlacht náisiúnta a bhíonn ag plé le cúrsaí AE;
- › Taithí de mhíonna nó blianta de chomhairle a thabhairt maidir le (i) reachtaíocht iarnróid nó (ii) reachtaíocht iompair; agus/nó comhairle dlí a thabhairt maidir le (iii) údaruithe nó (iv) formheasanna;
- › Scileanna cumarsáide an-mhaith agus an cumas saincheisteanna casta dlí a thuairisciú do dhaoine nach saineolaithe iad ar bhealach atá dírithe ar sheirbhís;
- › Eolas an-mhaith ar Bhéarla (ó bhéal agus i scríbhinn mar úsáideoir inniúil ar leibhéal C1 sna trí réimse: labhairt, scríbhneoireacht agus tuiscint);
- › Eolas maith ar an bhFraincis (cumas labhartha agus scríofa mar úsáideoir neamhspleách ar leibhéal B2 sna trí réimse: labhairt, scríbhneoireacht agus tuiscint);

Ní mór don iarrthóir an cur síos is beaichte is féidir a dhéanamh i bhfoirm iarratais ERA ar na cáilíochtaí oideachais nó acadúla agus ar an taithí ghairmiúil atá aige nó aici.

Is iad na hiarrthóirí a bhainfidh amach 60 % ar a laghad de na pointí iomlána a bhronntar i leith na gcritéir roghnúcháin, agus ina leith sin amháin, a chuirfear san áireamh agus a dtabharfar cuireadh dóibh freastal ar agallamh agus ar thriail scríofa.

IV – AGALLAMH AGUS TRIAIL SCRÍOFA

I gcás iarrthóirí a roghnófar i gcomhair chéim na trialach, lena n-áirítear agallamh struchtúrtha agus triail scríofa, déanfar iad a mheasúnú agus a scóráil de réir na gcritéir seo a leanas:

1. Don agallamh:**Sainscileanna gairmiúla:**

- › Eolas cruthaithe ar dhlí an Aontais;
- › Eolas ar réimsí a bhaineann le príomhghnóthaí dlíthiúla, féach I 'Príomhchúraimí agus príomhfhreagrachtaí';
- › An cumas chun cumarsáid a dhéanamh i mBéarla (mar úsáideoir cumasach leibhéal C1);
- › An cumas cumarsáid a dhéanamh i bhFraincis (mar úsáideoir neamhspleách leibhéal B2).

Scileanna boga (nach ndéanfar measúnú orthu ach le linn an agallaimh béal):

- › Spreagadh;
- › Feasacht ar fhaisnéis phearsanta agus íogair;
- › Scileanna cumarsáide an-mhaith;
- › Réitigh dhlíthiúla agus phraiticiúla a cheapadh a oireann do riachtanais ghnó;
- › Scileanna anailíseacha agus réitigh fadhbanna;
- › Meon foirne, comhoibríoch atá dírithe ar sheirbhís agus teacht aniar.

2. Don triail scríofa:

- › An cumas anailís agus achoimre a dhéanamh ar fhaisnéis scríofa;
- › Dréachtú dlíthiúil;
- › Comhairle maidir le reachtaíocht iarnróid nó iompair agus/nó comhairle dlí maidir le húdaruithé nó formheasanna;
- › Eolas ar réimsí a bhaineann le príomhghnóthaí dlíthiúla, féach I 'Príomhchúraimí agus príomhfhreagrachtaí';
- › Cumas cumarsáid éifeachtach a dhéanamh i mBéarla scríofa (úsáideoir cumasach leibhéal C1);

I gcás cainteoirí dúchais Béarla, déanfar tástáil le linn an agallaimh ar do chumas cumarsáid a dhéanamh sa dara teanga oifigiúil AE a atá agat. Toisc gur cuid é sin de na ceanglais ghinearálta a luaitear thuas, cuirfear as an áireamh ón bpróiseas roghnúchán thú mura n-éireoidh leat a léiriú go bhfuil leibhéal sásúil cumarsáide agat sa dara teanga oifigiúil AE.

Déanfar tástáil cháilíochtúil ar an bhFraincis le linn an agallaimh más rud é nach í teanga dhúchais an iarrthóra í.

Is mar seo a leanas a chinntear na scóir i leith na n-agallamh agus na trialach scríofa:

- | | | |
|--------------------------------------|------------------|---|
| › An scór iomlán don agallamh: | 70 pointe | An scór íosta chun pas a ghnóthú: 42 phointe (60 % de 70); |
| › An scór iomlán don triail scríofa: | 30 pointe | An scór íosta chun pas a ghnóthú: 18 pointe (60 % de 30). |

Ní dhéanfar measúnú ar thriail scríofa na n-iarrthóirí i gcás nach bhfaighfear an scór íosta chun pas a ghnóthú san agallamh.

<i>V – ACHOIMRE</i>	
<i>An Gníomhaireacht:</i> Clliceáil anseo le haghaidh cur síos i dteangacha an Aontais ar an nGníomhaireacht agus ar a gníomhaíochtaí	
<i>Dáta foilsithe:</i> 30/10/2026	<i>Spriocdháta le haghaidh iarratas:</i> 29/11/2026 (23.59 Am Lár na hEorpa, am áitiúil Valenciennes)
<i>Cineál conartha:</i> Gníomhaire Sealadach 2(f) <i>Feidhmghrúpa agus grád:</i> AD5	<i>Ionad fostaithe:</i> Valenciennes, An Fhrainc Tá samhail oibre hibrídeach i bhfeidhm ag ERA ina gcuimsítear láithreacht ar an láthair i dteannta le deiseanna cianoibre. Tá an chianobair faoi réir teorainneacha sonracha a leagtar amach i rialacha inmheánacha, agus ní mór í a bheith ag teacht le riachtanais ghnó agus le faomhadh na bainistíochta. Tabhair do d’aire nach gceadaítear cianobair lánaimseartha.
<i>Fad an chonartha</i> 4 bliana, agus féadfar é a athnuachan go ceann tréimhse chinnte nach faide ná 2 bhliain. Má dhéantar é a athnuachan an dara huair, is conradh éiginnte a bheidh i gceist	<i>Buntuarastal míosúil:</i> EUR 6 152.64 ag céim 1 le fachtóir ualúcháin 13.6 % mar aon le liúntais shonracha nuair is infheidhme
<i>Ní mór iarratais a sheoladh, ar an ríomhphost amháin, chuig an mbosca ríomhphoist a leanas:</i> jobs@era.europa.eugo dtí an 29/11/2026 (23.59 Am Lár na hEorpa, am áitiúil Valenciennes) ar a dhéanaí	<i>Liosta ionadaithe:</i> Cuirfear na chéad chúigear (líon táscaigh) iarrthóirí ar an liosta ionadaithe, rud a bheidh bailí go dtí: 29/11/2028 ar féidir síneadh a chur leis. Féadfar an liosta ionadaithe sin a roinnt le gníomhaireachtaí agus comhghnóthais eile an Aontais a shínigh an Meabhrán Tuisceana ⁸ (MoU), agus sin le toiliú na n-iarrthóirí amháin.
<i>An nós imeachta iarratais:</i> clliceáil anseo	<i>An nós imeachta roghnúcháin:</i> clliceáil anseo
<i>Nósanna imeachta achomhairc agus gearáin:</i> clliceáil anseo	<i>Cosaint sonraí:</i> clliceáil ar Chosaint Sonraí Gníomhaireacht Iarnróid an Aontais Eorpaigh (europa.eu) agus scrolláil síos chuig an mír ‘Foireann na Gníomhaireachta (TAnna, CAnna, SEnna agus oiliúnaithe) a roghnú agus a fhostú’

8 Tagraítear anseo do [Liosta](#) de gníomhaireachtaí agus comhghnóthais an Aontais a shínigh [Meabhrán Tuisceana](#) maidir le húsáid a bhaint as liostaí ionadaithe d’iarrthóirí oiriúnacha a eascraíonn as fógraí folúntais le haghaidh baill foirne shealadacha a fhostaítear faoi Airteagal 2(f) de Choinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile an Aontais Eorpaigh agus le haghaidh baill foirne ar conradh a fhostaítear faoi théarmaí Airteagal 3a de Choinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile an Aontais Eorpaigh.